

FORAS FEASA  
AR AN AONTAS  
EORPACH



# Gníomhú ar son na haeráide

An domhan  
is ansa liom,  
an aeráid is  
ansa liom

Fás eacnamaíoch agus tuilleadh  
fostaíochta trí gheilleagar  
ísealcharbóin



# FORAS FEASA AR AN AONTAS EORPACH

*Cuid de shraith foilseachán is ea an foilseachán seo.  
Tugann an tsraith sin léargas ar obair an AE i réimsí  
éagsúla beartais, ar na fáthanna a bhfuil an AE bainteach  
leis na réimsí sin agus ar thorthaí na hoibre sin.*

*Is féidir teacht ar na foilseacháin eile atá ar fáil  
agus iad a íoslódáil ag:*

[http://europa.eu/pol/index\\_ga.htm](http://europa.eu/pol/index_ga.htm)

An chaoi a n-oibríonn an AE  
An Eoraip 2020: Straitéis na hEorpa i leith fáis  
Bunaitheoirí an AE

An buiséad  
An comhshaol  
An margadh inmheánach  
Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus an euro  
Beartas réigiúnach  
Cabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta  
Cánachas  
Ceartas, saoránacht, cearta bunúsacha  
Clár oibre digiteach  
Comhrac i gcoinne na calaoise  
Cultúr agus gnóthaí closamhairc  
Custam  
Fiontraíocht  
Forbairt agus comhar  
Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta  
Fuinneamh

## Gníomhú ar son na haeráide ✘

Gnóthaí eachtracha agus an beartas slándála  
lascach agus gnóthaí muirí  
Imirce agus tearmann  
Iomaíocht  
Iompar  
Méadú  
Oideachas, oiliúint, an óige agus spórt  
Sábháilteacht bia  
Sláinte phoiblí  
Taighde agus nuálaíocht  
Talmhaíocht  
Teorainneacha agus slándáil  
Tomhaltóirí  
Trádáil

## CLÁR

An fáth a dteastaíonn beartas Eorpach ar son na haeráide . . . . .	3
An chaoi a dtéann an AE ina bhun sin . . . . .	7
Céard atá sa bheartas Eorpach ar son na haeráide . . . . .	11
Amach romhainn . . . . .	15
Tuilleadh eolais . . . . .	16

## Foras Feasa ar an Aontas Eorpach: Gníomhú ar son na haeráide

An Coimisiún Eorpach  
Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide  
Foilseacháin  
1049 An Bhruiséil  
AN BHEILG

Arna chríochnú mí Iúil 2013  
Grianghraf clúdaigh agus leathanach 2:  
©iStockphoto/Leonid Spektor

16 lch. — 21 × 29.7 cm  
ISBN 978-92-79-24714-9  
doi:10.2775/84827

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2014

© An tAontas Eorpach, 2014  
Tá atáirgeadh údaraithe. Chun grianghraf a úsáid nó  
a atáirgeadh, ní mór cead a lorg ar shealbhóirí an  
chóipchirt.

## An fáth a dteastaíonn beartas Eorpach ar son na haeráide

Tá aeráid an domhain ag athrú. Tá an mheánteocht ag ardú mar go bhfuil níos mó gás ceaptha teasa ag teacht ó ghníomhaíochtaí an duine. Fágann na gáis sin gur féidir le fuinneamh na gréine teacht isteach, ach nach féidir leis an teas éalú.

Tá éifeachtaí nach bhfacthas riamh roimhe seo ag na teochtaí ardaithe sin ar fud na cruinne. Tá oighearshruthanna ag leá agus leibhéil mhara ag ardú. Tá idir thuillte agus triomach ag tarlú i réigiúin nár fhulaing a leithéid d'adhaimsir riamh. Tá lorg na haimsire neamhghnáiche sin le sonrú níos mó agus níos mó ar ár ngeilleagar, ár gcomhshaol, ár sláinte agus ár saol laethúil.

### Gáis cheaptha teasa

Tugtar “greenhouse gases” i mBéarla ar gháis cheaptha teasa mar go gcoinníonn siad nó go gceapann siad teas na gréine istigh san atmaisféar ar an gcaoi chéanna a choinníonn teach gloine an teas istigh faoi phainéil ghloine. Tá an tiúchan atmaisféarach de dhé-ocsaíd charbóin ( $\text{CO}_2$ ), an gás ceaptha teasa is tábhachtaí, ag an leibhéal is airde dá raibh ann le 800 000 bliain.

Faoi láthair cuireann an Conradh Domhanda ar a dtugtar Prótacal Kyoto srian ar

thíortha forbartha na seacht ngás ceaptha teasa seo a leanas a astú:

- dé-ocsaíd charbóin ( $\text{CO}_2$ ): astaítear í nuair a dhóitear breoslaí iontaise, adhmaid, nó ábhar ar bith eile atá déanta as carbón, ach súnn plandaí agus crainn isteach freisin í;
- meatán ( $\text{CH}_4$ ): astaítear é as réimse leathan foinsí nádúrtha agus as gníomhaíochtaí an duine, m.sh. táirgeadh breoslaí iontaise, feirmeoireacht beostoic, saothrú ríse agus bainistíocht dramhaíola;
- ocsaíd nítriúil ( $\text{N}_2\text{O}$ ): i measc a foinsí astaíochta tá leasacháin, dóchán breoslaí iontaise agus táirgeadh ceimiceán a úsáideann nítrigin;
- ceithre chineál gáis fhluairínithe a forbraíodh go sonrath don tionsclaíocht: hidreafluoracarbóin (HFCanna), sárfluoracarbóin (PFCanna), heicseafluairíd sulfair ( $\text{SF}_6$ ) agus trífluairíd nítrigine.

Deirtear gurb é an téamh domhanda is cionsiocair le leá na n-oighearchaidhpeanna, ardú leibhéil na mara agus laghdú mhéid na n-oighearshlaodanna.



## Roinnt éifeachtaí a bhíonn ag an athrú aeráide

- *Tá stáit oileánacha agus pobail chósta ísealchríche faoi bhagairt ag leibhéal mhara atá ag ardú.*
- *Cuireann adhaimsir táirgeadh bia i mbaol, go háirithe sna tíortha i mbéal forbartha is boichte atá ann.*
- *Is é an teas mór a bhí ann le 10 mbliana anuas ba chúis le bás anabáí na mílte duine ar fud na hEorpa.*
- *Ganntanas uisce agus bia is cúis go minic le coimhlintí réigiúnacha, gorta agus gluaiseachtaí dídeanaithe.*
- *Is leor ardú beag sa mheánteocht dhomhanda chun 20-30 % de na speicis phlandaí agus ainmhithe a chur i mbaol a ndíothaithe.*
- *Meastar gur €100 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana an méid a bheidh ar an Aontas Eorpach a íoc ina iomláine faoi 2020 mura rachfar in oiriúint don athrú aeráide.*

Is minic a fheicimid píosaí scannáin ar an teilifís a léiríonn go grinn an méid atá ag titim amach de dheasca athrú aeráide, is cuma cén áit ar domhan a tharlaíonn sé. Ach rud nach léirítear chomh soiléir sin is ea na héilimh bhreise a chuireann an t-athrú aeráide ar sheirbhísí sláinte agus ar bhonneagar bunúsach, chomh maith leis an teannas breise i gcúrsaí polaitíochta agus slándála faoi acmhainní nádúrtha teoranta, uisce mar shampla. Tá níos mó i gceist leis an téamh domhanda ná cúlú oighearchaidhpeanna agus béir bhána. Is mór an tionchar a bheidh aige ar an nglúin seo agus ar na glúine inár ndiaidh.

## An tábhacht atá leis an eolaíocht

Bíonn an t-athrú aeráide ina cheist chorraitheach uaireanta. Bíonn siad ann a shéanann go bhfuil sé ag tarlú ar chor ar bith agus a deir nach bhfuil aon ghá le hathruithe i mbeartais agus in iompraíocht chun gáis cheaptha teasa a laghdú. Má ghlactar leis an áiteamh sin tugtar neamhaird iomlán ar thátal atá déanta ag formhór na n-eolaithe aeráide ar fud an domhain. Tá 97 % díobh ar aon intinn go bhfuil an t-athrú aeráide ar siúl cheana agus gurb é an cine daonna is cúis leis trí na gníomhaíochtaí sin a chuireann amach gáis cheaptha teasa, m.sh. dóchán breoslaí iontaise — gual, ola agus gás — agus dífhoraóisíú. Léirítear an tátal céanna sna measúnuithe eolaíochta de chuid an Phainéil Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus a thugann le chéile na saineolaithe is ceannródaí ar domhan maidir le heolaíocht an atmaisféir.

## An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)

*Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta a bhunaigh an IPCC in 1988, agus is comhlacht idirnáisiúnta ceannródaíoch é a dhéanann measúnú ar athrú aeráide agus ar na hiarmhairtí comhshaoil agus socheacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air. Mar chomhlacht eolaíochta, ní dhéanann sé a thaighde féin ach bíonn a chuid measúnuithe bunaithe ar na céadta staidéar a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu ag eolaithe aeráide ar fud na cruinne.*

Tá méadú 0.8 °C tagtha ar an meánteocht dhomhanda ó 1850 ach feictear meánteocht níos airde ná sin i limistéar intíre na hEorpa, áit a bhfuil ardú 1.3 °C le sonrú. Tá sé tugtha le fios le fianaise eolaíochta go bhféadfadh athruithe dochúlaithe agus tubaisteach b'fhéidir tarlú sa chomhshaoil domhanda má théann an mheánteocht 2 °C thar an teocht a bhí ann roimh ré na tionsclaíochta (nó timpeall 1.2 °C níos airde ná meánteocht an lae inniu).



© Shutterstock/BZ1

*Baineann buntáistí comhshaoil agus eacnamaíocha le foinsí fuinnimh in-athnuaite.*

Bhí an 11 bhliain ag tús an 21ú haois i measc na 13 bliana is teo a bhí ann ó cuireadh taifid ar bun in 1880. Léiríonn anailís a rinneadh le déanaí nach leor é an méid atá rialtais a dhéanamh ar fud an domhain faoi láthair chun cosc a chur ar théamh níos airde ná 3 °C faoi dheireadh an chéid seo, agus nach féidir ardú suas le 4 °C nó fiú 6 °C a chur as an áireamh.

Tá an AE ag áitiú le fada go gcaithfear an téamh domhanda a theorannú ionas nach sáróidh sé 2 °C. Aithníonn an pobal idirnáisiúnta an riachtanas sin anois. Is ar eolaíocht iontaofa amháin a bhunaíonn an AE a chuid beartas. Tá sé tiomanta bheith chun tosaigh agus bheith mar eiseamláir sa ghníomhú domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide trí spriocanna ceangailteacha a leagan síos do Bhallstáit agus trí thionscnaimh cosúil leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (ETS) a bhunú.

D'éirigh leis an AE laghdú níos mó ná 18 % a bhaint amach dá chuid astaíochtaí gáis cheaptha teasa féin ó 1990. Agus tríd sin, briseadh an nasc a bhíodh ann idir astaíochtaí agus fás eacnamaíoch, mar tháinig méadú níos mó ná 40 % ar an bhfás eacnamaíoch le linn na tréimhse sin. Roimhe sin, taispeánadh i gcónaí gur theastaigh tuilleadh fuinnimh ó thíortha de réir mar a bhí siad ag fás. Mar gur cuireadh tuilleadh béime ar thionscal na seirbhíse san Eoraip — earnáil eacnamaíoch a úsáideann níos lú fuinnimh ná mar a úsáidtear i ndéantúsaíocht nó i bhfoirgníocht — agus gur laghdaíodh ar líon na n-astaíochtaí, d'iompaigh an treocht sin. Léiríonn an méid sin nach ndéanann an laghdú astaíochtaí dochar don gheilleagar.

## Geilleagar a neartú trí luathghníomhú

Is féidir stop a chur leis an téamh domhanda dul thar an tairseach 2 °C. Tá sé indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de agus is rud inacmhainne ó thaobh an gheilleagair de freisin é. In ainneoin na géarchéime eacnamaíche agus an bhrú atá á chur ar airgead rialtais, leanann an AE ar aghaidh lena bheartais ar mhaithe leis an aeráid mar dá thúisce a chuirfear na bearta i bhfeidhm is ea is éifeachtaí agus is saoire a bheidh siad. Meastar gurb é 1 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an domhain an costas a bheidh ar an ngníomhú sin ar son na haeráide. Tá an méid seo i bhfad níos ísle ná an praghas a d'íocfaí mura ndéanfaí beart ar bith, praghas a mheastar a bheith idir 5 % agus 20 % de OTI an domhain.

Trína hiarrachtaí le geilleagar ísealcharbóin a fhorbairt tá borradh ag teacht faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás eacnamaíoch mar go bhfuil nuálaíocht á spreagadh i dteicneolaíocht ghlan, m.sh. fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. Ní hamháin go bhfuil an “geilleagar glas” seo ar cheann de na réimsí is bisiúla ina bhféadfaí poist a chruthú — ach treisíonn sé an chinnteacht faoi sholáthar fuinnimh na hEorpa agus íslíonn sé an costas ar iompórtáil fuinnimh trínár spleáchas ar ola agus ar ghás iompórtáilte a mhaolú.



### Tuilleadh post

*Tháinig fás ó 230 000 duine go 550 000 duine ar an bhfórsa oibre sa tionscal in-athnuaite fuinnimh le cúig bliana anuas. Dá mbainfí amach sprioc an AE chun 20 % d'fhuinneamh an AE a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020, d'fhéadfai 410 000 post sa bhreis a chruthú ar fud an AE in earnálacha a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.*

### Beidh gá beart a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta

Tá géarghá ann go dtabharfaí faoi bheart idirnáisiúnta mar ní bhaineann teorainneacha náisiúnta leis an athrú aeráide. Bhí ról tábhachtach ag an AE i bhforbairt Chreatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, a síníodh in 1992, agus i bhforbairt Phrótacal Kyoto in 1997 lena leagtar síos uasteorainneacha d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa i dtíortha forbartha.

Tá breis is a leath de na hastaíochtaí domhanda, áfach, ag teacht ó thíortha atá i mbéal forbartha. Dá bhrí sin, tá an pobal idirnáisiúnta i mbun comhaontú nua aeráide de chuid na Náisiún Aontaithe a fhorbairt lena n-éileofar beart ar son na haeráide ó gach náisiún ar domhan. Tá súil go nglacfar an comhaontú sin in 2015 agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in 2020.

### Seo a leanas mar a théann an Coimisiún Eorpach i ngleic leis an athrú aeráide

- *Beartais agus straitéisí uile-AE ar mhaithe leis an aeráid a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.*
- *Ionadaíocht a dhéanamh ar son an AE, i dteannta Uachtaránacht Chomhairle an AE, i gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta faoin aeráid.*
- *Córas Trádála Astaíochtaí an AE (ETS) a chur i bhfeidhm.*
- *Monatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm a dhéanann Ballstáit an AE ar spriocanna chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha nach dtagann faoin ETS.*
- *An t-athrú go geilleagar ísealcharbóin bunaithe ar theicneolaíochtaí glana a chur chun cinn.*
- *Straitéis an AE a chur i bhfeidhm chun dul in oiriúint don athrú aeráide agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse seo.*
- *Buiséad an AE a bhainistiú, a bhfuil 20 % de curtha i leataobh chun tacaíocht a thabhairt don ghníomhú ar son na haeráide.*

## An chaoi a dtéann an AE ina bhun sin

Bhí an AE ceannródaíoch agus leanúnach i gcónaí agus aghaidh á thabhairt aige ar an athrú aeráide agus spreagann sé an dul chun cinn i dtreo geilleagar ísealcharbóin. Tá a iarrachtaí sa réimse seo le feiceáil ó 1990 nuair a gheall an AE a chuid astaíochtaí de dhé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>) a chobhsú ag leibhéal na bliana sin faoin mbliain 2000, agus bhain sé an sprioc sin amach. Tá sraith iomlán de bhearta chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú curtha ar bun ag an Aontas ó shin, agus rinneadh go leor acu sin tríd an gclár Eorpach um athrú aeráide a bunaíodh in 2000. Chomh maith leis sin, tá bearta náisiúnta curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit.

Na spriocanna aeráide agus fuinnimh a leag ceannairí an AE síos don bhliain 2020, tá siad i measc na spriocanna is uailmhianaí atá ann agus is é an AE an chéad réigiún ar domhan a rith reachtaíocht cheangailteach chun a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna sin. Tá na bearta ceaptha sa chaoi is go laghdófar astaíochtaí gáis cheaptha teasa an AE faoin mbliain 2020 go leibhéal atá 20 % níos ísle ná na leibhéil a bhí ann in 1990.

Ar bhonn níos fadtéarmaí, tá sprioc eile leagtha síos ag an AE a astaíochtaí a laghdú faoin mbliain 2050 go leibhéal atá 80-95 % níos ísle ná leibhéal 1990.



© iStockphoto/Teun van den Dries

*Is féidir le malairtí breoslaí iontaise cabhrú leis an AE a spriocanna aeráide a bhaint amach.*

### An Straitéis Eoraip 2020

Tá an dul i ngleic le hathrú aeráide ar cheann de na cúig phríomhthéamaí atá sa straitéis uileghabhálach Eoraip 2020 le haghaidh fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Is iad spriocanna sonracha na straitéise sin a chinntiú faoin mbliain 2020 go mbeidh laghdú 20 % ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa an AE, go dtiocfaidh 20 % den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus go mbeidh feabhas 20 % ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Cuireadh an chéad dá sprioc díobh sin i bhfeidhm trí reachtaíocht cheangailteach ina raibh “pacáiste aeráide agus fuinnimh” a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2009.

Leagtar síos leis an reachtaíocht sin spriocanna éigeantacha náisiúnta don fhuinneamh in-athnuaite, spriocanna a thugann aird ar na héagsúlachtaí idir Ballstáit maidir leis an áit a mbeidh orthu tosú agus an acmhainn atá iontu cur leis an líon foinsí in-athnuaite a tháirgeann siad, agus spriocanna d’astaíochtaí ó eamálacha nach dtagann faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an AE.

Tá na spriocanna náisiúnta maidir le foinsí in-athnuaite don bhliain 2020 sa réimse idir 10 % i gcás Mhálta, tír nach bhfuil ach ag tosú amach in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, agus 49 % i gcás na Sualainne, tír a bhfuil earnáil ardfhorbartha aici bunaithe ar bhithfhuinneamh agus ar hidreachumhacht. Cuimseoidh na spriocanna náisiúnta sin uile le chéile an sprioc 20 % atá leagtha síos don AE ina iomláine, rud a ardóidh go mór an méid fuinnimh a fhaightear ó fhoinsí in-athnuaite ar an meán ón 12.5 % a bhí san AE in 2010.

In 2012 glacadh reachtaíocht a leag síos spriocanna náisiúnta neamhcheangailteacha chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

#### Maolú agus oiriúnú

*Is é a chiallaíonn **maolú** astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú nó a theorannú.*


*Is é a chiallaíonn **oiriúnú** beart a dhéanamh chun an teacht aniar atá sa tsochaí in aghaidh athrú aeráide a neartú agus an tionchar a bhíonn aige a laghdú.*

## Spriocanna 2050

Mar íobairt leis an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C, tá an AE tiomanta dá sprioc fadtéarmach a astaíochtaí a laghdú 80-95 % faoin mbliain 2050 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 1990, sa chaoi is go dtabharfaidh na tíortha forbartha, mar ghrúpa, faoi ghníomhú den chineál céanna. Beidh ar an AE iompú ina gheilleagar ísealcharbóin chun laghdú den mhéid sin a bhaint amach.

In 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún "treochlár" ina leagtar amach cur chuige le geilleagar iomaíoch ísealcharbóin a bhaint amach faoi 2050 ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de, agus tá garspriocanna san áireamh ann chun an dul chun cinn a thomhas. Taispeántar sa treochlár conas is féidir le hearnálacha éagsula, idir ghiniúint cumhachta agus talmhaíocht, tacú leis an sprioc sin a bhaint amach. Níor mhór don ghiniúint cumhachta a bheith beagnach 100 % saor ó charbón faoi lár na haoise. Bheadh thart ar 30 % níos lú fuinnimh in úsáid ag an AE faoin mbliain 2050 mar go mbeadh sé níos tíosaí ar fhuinneamh. Laghdófaí an spleáchas ar allmhairí trí níos mó úsáide a bhaint as fuinneamh a ghintear go háitiúil, agus bheadh laghdú freisin ar thruailliú aeir agus ar na costais sláinte a thagann as an truailliú sin mar gheall ar an athrú go geilleagar ísealcharbóin.

### CÁ HÁIT AS A DTAGANN AN GÁS CEAPTHA TEASA?



Iomlán na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa de réir earnála sna 27 mBallstát, 2011.

## Oiriúnú


Tá éifeachtaí an athraithe aeráide le brath cheana féin, m.sh. cúlú na n-oighearshruthanna agus leibhéal mhara atá ag ardú. Bíonn adhaimsir ann níos minice agus bíonn an drochaimsir sin ag éirí níos measa, m.sh. stoirmeacha, tuilte, tonnta teasa agus triomach, rud a thagann leis an méid atá tuartha ag na heolaithe i dtaobh an domhain atá ag téamh. Fiú má thagann laghdú suntasach ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa, leanfaidh an t-athrú aeráide ag dul in olcas go ceann blianta fada romhainn de bharr éifeacht mhoillithe na n-astaíochtaí a bhí ann roimhe sin.

Tá straitéis um oiriúnú ullmhaithe ag an gCoimisiún don AE a bhfuil mar aidhm léi an teacht aniar atá sa tsochaí in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide a neartú. Is é a chiallaíonn oiriúnú na drochéifeachtaí a bheidh ag an athrú aeráide a thuar agus beart cuí a dhéanamh chun an dochar a bhainfeadh díobh a chosc nó a laghdú. Léiríodh roimhe seo gur féidir le luathghníomhú deapheanáilte um oiriúnú airgead agus beatha daoine a shábháil tráth níos faide anonn.

Toisc go n-athraíonn nádúr agus déine an tionchair a bhíonn ag an aeráid ó réigiún go réigiún san Eoraip, beidh formhór na dtionscnamh um oiriúnú ag tarlú ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil. D'fhonn cur leis na gníomhaíochtaí sin, tacóidh an straitéis leis an ngníomhú ar son na haeráide trí chomhordú agus malartú faisnéise a chur chun cinn idir na Ballstáit, agus trína chinntiú go dtabharfar aghaidh ar an oiriúnú i ngach beartas cuí de chuid an AE. Is féidir leis an bpobal teacht ar an bhFóram Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide, a seoladh in 2012, ag: <http://climate-adapt.eea.europa.eu>



## LAGHDAÍONN AN AE ASTAÍOCHTAÍ



Iomlán na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa sna 27 mBallstát, gan na hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta a áireamh (sna milliúin tona).

### An méid astaíochtaí a sceitheann an Eoraip

*Tá an AE freagrach as thart ar 11 % d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa an domhain. Is ó tháirgeadh agus úsáid fuinnimh, an t-iompar san áireamh, a thagann breis agus 80 % d'astaíochtaí na hEorpa.*

### Gníomhú idirnáisiúnta

Tá líon na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa ag dul i méid go leanúnach gach bliain ar fud an domhain. Ní mór freagairt dhomhanda a thabhairt ar an dúshlán domhanda seo. Labhraíonn an tAontas d'aon ghuth sna caibidlíochtaí idirnáisiúnta uile a bhaineann le hathrú aeráide. Is é an Coimisiún, agus an tír a bhfuil Uachtaránacht sé mhí Chomhairle an AE ina seilbh aici, a dhéanann idirbheartaíocht ar son an AE.

### Prótacal Kyoto

Ba é Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC), a aontaíodh in 1992, an chéad mhór-chomhaontú idirnáisiúnta a thug aghaidh ar an athrú aeráide. Dhaingnigh 194 thír é, gach Ballstát AE a bhí ann ag an am sin san áireamh, mar aon leis an AE mar eintiteas ar leith. Bhunaigh sé creat do thíortha le gur féidir leo comhoibriú ar

mhaithe le sprioc a chuirfidh cosc ar an gcur isteach contúirteach a dhéanann gníomhaíochtaí an duine ar an gcóras aeráide domhanda. Sa bhliain 1997, rinneadh an Coinbhinsiún a fhorlónadh le Prótacal Kyoto, an conradh idirnáisiúnta a leagann síos oibleagáidí ceangailteacha ar tíortha tionsclaithe a n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú. Tháinig an prótacal i bhfeidhm in 2005 agus is é an chéad chéim é chun treocht dhomhanda na n-astaíochtaí atá ag dul i méid a iompú. Bunaíodh UNFCCC agus Prótacal Kyoto araon ar an bprionsabal gur chóir do na tíortha tionsclaithe a bheith chun tosaigh sa troid in aghaidh an athraithe aeráide mar gurb iad na tíortha sin atá freagrach as formhór na n-astaíochtaí a bhí agus atá ann ón Réabhlóid Thionsclaíoch anall agus mar go bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

Sa chéad tréimhse den phrótacal, idir 2008 agus 2012, leagadh síos spriocanna ceangailteacha do 37 thír tionsclaithe — lena n-áirítear na 15 thír a raibh ballraíocht an AE acu in 1997 nuair a glacadh an prótacal — chun astaíochtaí de shé ghás cheaptha teasa a laghdú 5 % níos ísle ar an meán i gcomparáid le leibhéal a bhain le bonnbhliain a bhí orthu a roghú (1990 i bhformhór na gcásanna). Tháinig na 15 Bhallstát san AE ar chomhaontú ag an am sin a gcuid astaíochtaí coiteanna a laghdú 8 %. Formhór na dtíortha a tháinig isteach san Aontas in 2004 agus in 2007, bhí spriocanna náisiúnta de laghdú 6 % nó 8 % acu don chéad tréimhse de Phrótacal Kyoto.

Tá an AE ag dul thar na bearta maidir lena spriocanna. In 2011, bhí líon carntha na n-astaíochtaí ó na Ballstáit 18.4 % níos ísle ná mar a bhí in 1990.

## Iarracht nua idirnáisiúnta chun gníomhaithe

Níor éirigh leis na caibidlíochtaí ar cuireadh tús leo in 2007 teacht ar chomhaontú nua cuimsitheach de chuid na Náisiún Aontaithe in 2009, ach fuarthas gealltanais ó thart ar 100 tír, an AE san áireamh, a gcuid astaíochtaí a mhaolú nó a theorannú faoin mbliain 2020. Ar thionscnamh an AE agus na dtíortha is leochailí atá i mbéal forbartha, cinneadh ag comhdháil aeráide na Náisiún Aontaithe in 2011 tús a chur le babhta nua caibidlíochta, agus go mbeadh mar aidhm leis teacht ar chomhaontú faoi chonradh domhanda maidir leis an aeráid ina mbeadh beart le déanamh ag gach aon tír, bíodh sí forbartha nó i mbéal a forbartha. Tá súil go nglacfar an comhaontú nua seo in 2015 agus go gcuirfear i bhfeidhm é in 2020.

Tráth a bhfuil an conradh nua domhanda á dhréachtú, tá an pobal idirnáisiúnta i mbun díospóireachta faoi na bealaí inar féidir a bheith níos uaimhianáí i ngníomhú domhanda idir seo agus 2020. Léiríonn an méid sin go bhfuil an tuiscint ann nach leor iad na gealltanais a tugadh go dtí seo le go bhféadfar astaíochtaí

domhanda a laghdú a ndóthain le gur féidir an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C. Le nach mbeidh sé dodhéanta an uasteorainn sin a bhaint amach, tá sé tugtha le fios i staidéir eolaíochta nach mór go mbeadh buaicleibhéal na n-astaíochtaí domhanda sroichte faoi 2020 ar a dhéanaí, go laghdófaí iad ina leath faoi 2050 i gcomparáid le leibhéal 1990, agus go dtiocfadh meath leanúnach orthu uaidh sin amach.

Tháinig an chéad tréimhse de Phrótacal Kyoto chun críche in 2012 agus thángthas ar chomhaontú faoin dara tréimhse, na hocht mbliana idir 2013 agus 2020. Tá an AE tiomanta a chuid astaíochtaí a choinneáil 20 % níos ísle ná leibhéal na bonnbhliana i rith an dara tréimhse, agus tá an deis aige iad a laghdú 30 % dá gcomhlíonfaí coinníollacha áirithe.

Ní bheidh éifeacht ag an dara tréimhse de Phrótacal Kyoto, áfach, ach ar thart ar 14 % d'astaíochtaí an domhain. Léiríonn an raon teoranta sin an gá práinneach atá ann le comhaontú domhanda a chlúdódh gach tír. Tá sé tuartha go dtiocfaidh beagnach dhá thrian de na hastaíochtaí domhanda in 2020 ó náisiúin atá i mbéal forbartha.



*Is é córas trádála astaíochtaí an AE an príomh-mhodh chun gáis cheaptha teasa a laghdú ar chostas éifeachtach.*

# Céard atá sa bheartas Eorpach ar son na haeráide

Tá beartais éagsúla ag an AE chun astaíochtaí a laghdú, fuinneamh glan agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, agus borradh a chur faoin athrú go geilleagar ísealcharbóin. Is é an uirlis is tábhachtaí an Córas Trádála Astaíochtaí (ETS) lenar cruthaíodh an margadh carbóin is mó ar domhan. Tá an AE ina cheannródaí i ndáil le trádáil liúntas astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus tá aithris á dhéanamh ar an gcóras sin in áiteanna eile ar fud an domhain. D'éirigh le Córas Trádála Astaíochtaí an AE aird lucht gnó a tharraingt ar na héifeachtaí a bhíonn ag an athrú aeráide trí phraghas a chur ar astaíochtaí carbóin.

## Córas Trádála Astaíochtaí (ETS)

Seoladh an ETS in 2005, agus is é an bhunchloch é faoi straitéis aeráide an AE. Clúdaíonn sé timpeall 45 % de na hastaíochtaí a thagann as breis agus 12 000 gléasra sa tionscal ginte cumhachta agus in earnálacha eile atá dian ar fhuinneamh san Aontas, san Iorua, san Íoslainn agus i Lichtinstéin.

Is rud simplí é an bonn atá leis an scéim sin. Tá uasteorainn leagtha síos don líon iomlán astaíochtaí a cheadaítear as na gléasraí sin, m.sh. stáisiúin ginte cumhachta. Laistigh den teorainn seo, faigheann agus ceannaíonn na tionscail liúntais a thabharfadh cead dóibh tonnáiste áirithe de gháis cheaptha teasa a astú gach bliain. Iad siúd a sceitheann méid astaíochtaí níos ísle, féadfaidh siad an barrachas de liúntais atá acu a dhíol. Maidir leis na tionscail atá ag súil le níos mó astaíochtaí a sceitheadh ná mar a chlúdaítear faoina liúntais féin, féadfaidh siad infheistiocht a dhéanamh i mbearta nó i dteicneolaíochtaí chun a n-astaíochtaí a laghdú nó is féidir leo liúntais bhreise a cheannach ar an margadh chun roinnt dá n-astaíochtaí iomarcacha nó iad uile a chlúdach. Tugann an acmhainn trádála seo, nach sáraíonn na huasteorainneacha ar astaíochtaí, solúbthacht éigin do lucht tionscail. Cinntíonn sé go laghdófar na hastaíochtaí sna háiteanna inar saoire sin a dhéanamh agus go ndírítear an infheistiocht ar áiteanna inar féidir an méid is mó astaíochtaí a laghdú ar an gcostas is ísle.

I dtosach báire, tugadh go leor de na liúntais sin saor in aisce do na tionscail lena mbaineann, ach ó thús 2013 caithfidh roinnt gnólachtaí a liúntais uile a cheannach ar ceant, agus caithfidh gnólachtaí eile céatadán a ardóidh gach bliain a cheannach. Tá laghdú ag teacht de réir

a chéile ar an uasteorainn astaíochtaí atá ceadaithe do thionscail. Faoi 2020, beidh 21 % níos lú astaíochtaí ann ná mar a bhí in 2005.

Tá córais teorannaithe agus trádála den chineál céanna ag scaipeadh chuig áiteanna eile ar fud an domhain. Tá siad i bhfeidhm nó cuirfeadh i bhfeidhm iad san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa tSín, sa tSeapáin, sa Chóiré, san Eilvéis agus in áiteanna áirithe sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada.

Tá an AE ag súil go bhforbrófar an margadh idirnáisiúnta carbóin trí ghréasán de chórais trádála astaíochtaí a bheidh comhoiriúnach dá chéile a chruthú. Tháinig an Astráil agus an AE ar chomhaontú maidir lena gcórais a nascadh faoin mbliain 2018, sin an chéad nasc atá cruthaithe idir chórais in ilchríocha éagsúla.

## Astaíochtaí ó eitiltí

Ó 2012 i leith, tá gach aerlíne a eitlíonn idir aerfoirt laistigh den AE páirteach sa chóras trádála astaíochtaí. Chomh maith leis sin, bheartaigh an tAontas go n-áireofaí gach eitilt idirnáisiúnta a dhéanann nasc idir an Eoraip agus áiteanna eile ar domhan faoin gcóras sin, agus d'fhormhuinigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an reachtaíocht sin cé gur chuir codanna den tionscal eitlíochta ina choinne. Le go mbeidh tuilleadh ama ag gníomhaireacht eitlíochta sibhialta na Náisiún Aontaithe chun scéim dhomhanda a bhunú a thabharfaidh aghaidh ar astaíochtaí eitlíochta, thug an AE díolúine shealadach ó chóras an AE isteach d'eitiltí idirnáisiúnta.

### Astaíochtaí gáis ón earnáil iompair ag ardú

*Tá astaíochtaí ó thaisteal aeir ag ardú gan stad gan staonadh. Duine a thógann eitilt fillte ó Londain go Nua-Eabhrac, mar shampla, is ionann líon na n-astaíochtaí a ghineann an duine sin agus líon na n-astaíochtaí a bhaineann le teach a bheadh ag gnáthshaoránach Eorpach a théamh ar feadh bliana.*

## Tacaíocht do theicneolaíochtaí nuálacha

Is é an AE a chuir ceann de na cláir is mó ar domhan ar bun chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin. Fuair an clár “NER300” maoiniú ó airgead a fuarthas as 300 milliún liúntas ETS de chuid an AE a dhíol. Tacaíonn sé le teicneolaíochtaí nuálacha i bhfuinneamh in-athnuaite chomh maith le teicneolaíochtaí a ghabhann agus a stóráilann astaíochtaí carbóin ó ghléasraí tionsclaíochta.

## Aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí neamh-ETS

Tá thart ar 55 % d'astaíochtaí an AE nach bhfuil clúdaithe faoin gcóras ETS. Ar na hearnálacha sin tá an t-iompar, an fhoirgníocht, an talmhaíocht agus an dramhaíl. D'fhonn a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na hastaíochtaí sin, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le “comhroinnt díchill” a leagann amach spriocanna náisiúnta ceangailteacha i leith astaíochtaí neamh-ETS a chlúdaíonn na blianta idir seo agus 2020, an bhliain sin san áireamh.

Tá na spriocanna sin sa réimse idir laghdú 20 % ar astaíochtaí na mBallstát is saibhre in 2020 agus méadú 20 % ar astaíochtaí na mBallstát is boichte. Mar thoradh ar na spriocanna sin tiocfaidh laghdú 10 % ar líon iomlán na n-astaíochtaí san AE a thagann ó earnálacha neamh-ETS faoi 2020 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2005.

## Iompar bóthair

Tá uasteorainneacha astaíochtaí ó charranna agus ó veaineanna leagtha síos go sonrach i reachtaíocht an AE. Mar gurb iad na mótarfeithiclí sin is cúis le timpeall 15 % d'astaíochtaí CO<sub>2</sub> an AE, ba chéim mhór chun cinn sa troid in aghaidh an athraithe aeráide é dá dtiocfadh laghdú ar na hastaíochtaí sin. Tá sé leagtha síos i reachtaíocht an AE na huasteorainneacha sonracha astaíochtaí nach mór do na déantúsóirí mótarfeithiclí a chomhlíonadh. In 2007, ba 159 g/km de CO<sub>2</sub> líon na n-astaíochtaí ó charranna nua



Tá earnáil an iompair ar cheann de na foinsí móra d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa.

ar an meán. Ó 2015, beidh gá an méid sin a ghearradh go 130 g/km, sin laghdú 18 %, agus ó 2020 ar aghaidh is 95 g/km a bheidh leagtha síos, laghdú 40 % níos ísle arís. Maidir le veaineanna nua, ní mór go dtitfeadh astaíochtaí go 175 g/km faoi 2017, sin laghdú 14 % ón 203 g/km a bhí ann in 2007, agus go 147 g/km in 2020, laghdú 28 % sa bhreis air sin arís.

Mar chúnamh do thiománaithe agus iad ag iarraidh carranna nua a bhfuil an bharainneacht breosla is fearr acu a roghnú, ceanglaíonn reachtaíocht an AE ar Bhallstáit féachaint chuige go dtabharfar gach eolas cuí do chustaiméirí, agus go mbeidh lipéad ar an gcarr a thaispeánann éifeachtúlacht breosla an chairr agus na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> a chuireann sé amach.

Tá tábhacht freisin le cáilíocht an bhreosla chun na hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ón earnáil iompair a laghdú. I gcás breoslaí a úsáidtear i bhfeithiclí, éilíonn an AE go ndéantar “an déine astaíochtaí” iontu — an méid gáis a astaítear le linn shaolré an bhreosla, ó bhaint an bhreosla go dáileadh an bhreosla — a laghdú suas le 10 % faoi 2020. Tá bearta molta aige freisin chun teorainn a chur leis an méid talún is féidir a iompú ó thalamh talmhaíochta agus foraoiseachta go thalamh ar a dtáirgtear bithbhreoslaí d'fhonn an tionchar a bhíonn ag táirgeadh bithbhreoslaí ar an athrú aeráide a laghdú.

## Astaíochtaí ón iompar bóthair fós ag ardú

*Is é an t-iompar bóthair atá freagrach as thart ar an gcúigiú cuid de na hastaíochtaí iomlána de dhé-ocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>) san AE. Tháinig méadú 21 % ar astaíochtaí ón iompar bóthair idir 1990 agus 2011 agus bheadh sé níos airde fós ach gur tharla an cúlú eacnamaíochta. Is é an t-iompar an t-aon earnáil mhór ina bhfuil gáis cheaptha teasa fós ag ardú.*

Tá an Coimisiún ag obair ar straitéis chuimsitheach chun astaíochtaí CO<sub>2</sub> ó thrucaílí agus ó bhusanna a laghdú, óir is iad na feithiclí sin atá freagrach as timpeall an ceathrú cuid de na hastaíochtaí CO<sub>2</sub> ón iompar bóthair.

D'fhéadfadh nuáil teicneolaíochta cabhrú leis an athrú go córas iompair níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe san Eoraip trí éifeachtúlacht breosla a fheabhsú le hinnill, le hábhair agus le dearadh nua. Tá torthaí le brath cheana féin ar an dul chun cinn seo. Mar shampla, bhí titim 2.6 % in 2012 ar líon na n-astaíochtaí CO<sub>2</sub> ar an meán a thagann ó charranna nua san AE.



*D'fhéadfadh iarrachtaí ar thithe a dhéanamh níos tiosaí ar fhuinneamh airgead a shábháil agus cabhrú leis an gcomhshaoil.*

## Éifeachtúlacht fuinnimh

D'fhonn an sprioc atá ag an AE don bhliain 2020 a bhaint amach, ghlac sé reachtaíocht in 2012 chun éifeachtúlacht a chur chun cinn i ngach céim den slabhra fuinnimh, ó chlaochlú an fhuinnimh go dáileadh agus an úsáid deiridh. Cuireann an reachtaíocht sin ceangal ar gach Ballstát scéimeanna dualgais a bhunú d'éifeachtúlacht fuinnimh, mar aon le bearta le húsáid fuinnimh a fheabhsú i líonta tí, i dtionscail agus san earnáil iompair. Chomh maith leis sin, tugann sí an ceart do thomhaltóirí eolas a chur ar an méid fuinnimh a úsáideann siad.

Tá acmhainn mhór ann fuinneamh a shábháil agus astaíochtaí a laghdú i bhfoirgnimh freisin. Measann an Coimisiún go bhféadfaí laghdú thart ar 90 % a dhéanamh orthu faoi 2050. De réir na reachtaíochta i ndáil le feidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, beidh ar fhoirgnimh nua a bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de (i nglanfhigiúirí) ó 2021 ar aghaidh, rud a chiallaíonn go mbeidh orthu an méid céanna fuinnimh a tháirgeadh agus a úsáideann siad. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin cheana féin agus tá go leor Ballstát ann inniu a bhfuil rialacha níos déine i bhfeidhm acu i leith an fhuinnimh. Ó 2012, ní mór na caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh d'fhoirgnimh agus do sheirbhísí cuí a thabhairt le fios i dtairiscintí náisiúnta um cheannach poiblí.

*Cuireann an difhhoraoisiú leis an athrú aeráide.*

## Foraoisí

Tá ról tábhachtach ag foraoisí agus ag talamh feirmeoireachta i ndáil leis an athrú aeráide. Ionsúnn agus stóráilann crainn agus plandaí na gáis cheaptha teasa, agus baintear ón atmaisféar iad.

Ach mar thoradh ar ghníomhaíochtaí áirithe, m.sh. crainn agus barr a bhaint, bogach a dhraenáil agus féarach a threabhadh, titeann an ráta carbóin a shúitear isteach, nó iompaítear sa treo eile é, rud a dhéanann foinsí astaíochta as na foraoisí agus an talmhaíocht.

Ar an iomlán, meastar go dtomhlaíonn an fhoraoiseacht agus an talmhaíocht san AE méid carbóin ón atmaisféar atá coibhéiseach le tuairim is 9 % d'iomlán na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa a thagann ó earnálacha eile an Aontais. Faoi reachtaíocht a comhaontaíodh in 2013, beidh ar Bhallstáit cuntais bhliantúla a choinneáil ar an méid carbóin a ionsúnn a bhforaoisí agus a n-ithreacha talmhaíochta, agus an méid a astaíonn siad freisin. Is é seo an chéad chéim chun an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht a cheangal le hiarrachtaí an AE chun astaíochtaí a laghdú.

Chomh maith le bearta atá i bhfeidhm laistigh den AE féin, cuireann an AE cúnamh ar fáil do thíortha i mbéal forbartha chun difhhoraoisiú a mhaolú. Tá an tacaíocht airgeadais seo mar chomhlánú ar phróiseas idirbheartaíochta faoi Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, próiseas ar a dtugtar Astuithe ó Dhífhoraoisiú agus ó Dhíghrádú Foraoise a Laghdú (REDD +), ina bhfuil sraith rialacha idirnáisiúnta á dréachtú chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo.





## Astaíochtaí tionsclaíochta a ghabháil

A bhuíochas le teicneolaíocht gabhála agus stórála carbóin is féidir CO<sub>2</sub> a ghabháil ó ghléasraí cumhachta agus ó phróisis tionsclaíochta, é a iompú ina leacht, agus é a iompar agus a instealladh i bhfoirmíochtaí geolaíocha faoin talamh nach féidir leis éalú astu. Tá creat rialála curtha i bhfeidhm ag an AE chun rioscaí sábháilteachta agus comhshaoil i ndáil leis an modh stórála sin a laghdú.

## Príomhshruthú

Níos minice ná riamh, is gá maolú agus oiriúnú don athrú aeráide a chur san áireamh i mbeartais éagsúla atá ag an AE, m.sh. forbairt réigiúnach, talmhaíocht, iascach agus fuinneamh. D'fhormhuinigh Ceannairí Stáit nó Rialtais an AE an smaoineamh 20 % ar a laghad de bhuiséad an AE sa tréimhse 2014-20 a chaitheamh ar bhearta a bhaineann leis an aeráid.



## Feasacht a ardú

Sheol an Coimisiún feachtas cumarsáide uile-Eorpach in 2012 faoin mana “An domhan is ansa liom, an aeráid is ansa liom”. Cuireann an feachtas sin réitigh phraiticiúla ar fáil don díospóireacht ar an athrú aeráide agus léiríonn sé an chaoi inar féidir leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin leas na saoránach a fheabhsú agus buntáistí eacnamaíocha a thabhairt dóibh.

## Cúnamh do thíortha atá i mbéal forbartha

Teastaíonn tacaíocht shuntasach airgeadais ó thíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is boichte agus is leochailí, chun a gcuid astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus chun dul in oiriúint do na héifeachtaí a bhíonn ag an athrú aeráide. Is é an AE a chuireann an méid is mó de chúnamh forbartha coigríche agus de mhaoiniú ar son na haeráide ar fáil. Is é a thug os cionn €7.3 billiún den tsuim USD 30 billiún a tugadh mar “mhearmhaoiniú” aeráide a chuir an pobal idirnáisiúnta ar fáil do na tíortha is boichte atá i mbéal forbartha le linn na tréimhse 2010 go 2012.

Tá an tAontas tiomanta leanúint ar aghaidh leis an gcúnamh airgeadais seo agus tá sé beartaithe aige méid cuí a thabhairt den mhaoiniú bliantúil USD 100 billiún atá geallta ag tíortha forbartha an domhain a bhailiú le chéile faoin mbliain 2020. Cuirfear roinnt den USD 100 billiún ar fáil tríd an gCiste Glas don Aeráid.

*Má athraítear go bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh is féidir difríocht a dhéanamh.*

## Amach romhainn

Tá cuid mhór dul chun cinn déanta ag an AE agus ag an bpobal idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide le 10 mbliana anuas. Chun an téamh domhanda a choinneáil faoi bhun 2 °C, áfach, beidh gá an t-ardú atá ag teacht ar astaíochtaí a stopadh i bhfad roimh 2020 agus beidh gá iad a laghdú go suntasach bliain ar bhliain ina dhiaidh sin. Seo cúis amháin ar mhian leis an AE conradh idirnáisiúnta a chomhaontú in 2015, comhaontú uailmhianach a bheadh ina cheangal dlí faoina dtabharfadh gach aon tír gealltanais bunaithe ar an fhreagracht atá orthu agus na hacmhainní atá acu. Táthar ag súil go gcuirfidh cruinniú mullaigh de cheannairí domhanda a eagróidh na Náisiúin Aontaithe in 2014 borradh nua polaitiúil faoin obair ar an gconradh agus ar bhealaí chun laghdú níos uailmhianáil ar astaíochtaí domhanda a bhaint amach roimh 2020.

Chuir an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh béim ar an bpráinn atá ann, agus tá rabhadh tugtha aici arís is arís eile go bhfuil ag éirí níos deacra agus níos costasaí bliain i ndiaidh a chéile an sprioc 2 °C de théamh domhanda a bhaint amach. Maidir le gach euro a infheistítear faoi 2020 i dteicneolaíochtaí nach teicneolaíochtaí glana iad, beidh costas a cheithre oiread níos daoire le hóc i ndiaidh an dáta sin.

### Ar an gcúrsa ceart do 2020 ...

Tá ag éirí leis an AE faoi láthair an sprioc atá aige astaíochtaí a laghdú 20 % faoin mbliain 2020 a bhaint amach, agus éireoidh leis an sprioc sin a shárú. Sin de bharr na straitéise 2020, na reachtaíochta atá comhaontaithe cheana agus na mbeart nua atá ar na bacáin.

In 2020, beidh feidhm le spriocanna CO<sub>2</sub> níos déine i leith carranna agus veaineanna, agus cuirfear leis an méid atá an earnáil iompair a dhéanamh ar mhaithe leis an aeráid. I measc na mbeart eile atá ar na bacáin tá tuilleadh laghdú ar astaíochtaí de gháis cheaptha teasa fhluairínithe a úsáidtear i gcuisniúchán agus in aerchóiriúchán. Na F-gháis sin, mar a thugtar orthu, bíonn tionchar téimh suas le 23 000 uair níos láidre acu ná mar atá ag CO<sub>2</sub>. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí na hastaíochtaí de F-gháis a laghdú faoin mbliain 2030 go leibhéal atá dhá thrían níos ísle ná leibhéal an lae inniu.

### ... agus ag ullmhú do 2030

2030 an chéad gharsprioc eile maidir le geilleagar iomaíoch ísealcharbóin a chruthú san Eoraip faoi lár an chéid seo. Sheol an Coimisiún díospóireacht agus comhairliúchán poiblí faoi na beartais aeráide agus fuinnimh a bheidh ag teastáil ón AE in 2030, agus tá sé beartaithe aige creat beartais do 2030 a mholadh faoi dheireadh na bliana 2013.

### Córas ETS an AE a athchóiriú

Caithfear inneachar agus spriocanna an chreata beartais 2030 a oibriú amach fós, ach is léir nach mbeidh aon athrú ar an ról lárnach ag Córas Trádála Astaíochtaí an AE i mbeartais aeráide an Aontais. Cé go gcabhraíonn an scéim leis an laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach, níl sé ag brú an éifeachtúlacht fuinnimh agus an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa chun cinn chomh mór agus a mbeifí ag súil leis.

Is é an fáth leis sin go bhfuil praghas na liúntas astaíochtaí — an “praghas carbóin” — á bhrú síos ag an mbarrachas de liúntais atá ann, agus a bhfuil fás ag teacht air. Tá an barrachas sin ann go bunúsach mar go bhfuil aschur na tionsclaíochta moillithe ag an ngéarchéim eacnamaíoch, rud a mhoilligh na hastaíochtaí freisin. Tá bearta struchtúracha éagsúla molta ag an gCoimisiún chun deireadh a chur leis an mbarrachas sin. D’fhéadfaí cuid de na bearta a dhéanamh i gcomhthéacs an chreata beartais do 2030.

### Geilleagar ísealcharbóin a thiocfaidh slán ón ngéarchéim

Cé go bhfuil an bhliain 2030 i bhfad uainn agus go bhfuil a dóthain dúshlán le sárú ag an Eoraip faoi láthair maidir leis an easpa fáis sa gheilleagar agus an difhostaíocht, a luaithe a dhéanfar geilleagar neamhdhíobhálach ísealcharbóin den Eoraip is tuisce a thiocfaidh an Eoraip slán ón ngéarchéim. Tá sé thar a bheith riachtanach, dá bhrí sin, go ndéanfar beart láithreach.

Tá an pobal ag súil go ndéanfar beart freisin. Léirigh suirbhé ar thuairimí an phobail a rinneadh ar son an Choimisiúin Eorpaigh in 2011 go gceapann naonúr as gach deichniúr san Eoraip go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na fadhbanna is tromchúisí atá os comhair an domhain, agus measann breis is a leath díobh go bhfuil sé níos tromchúisí ná an ghéarchéim eacnamaíoch.

## Tuilleadh eolais

- ▶ **Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar son na haeráide:**  
[http://ec.europa.eu/dgs/clima/mission/index\\_en.htm](http://ec.europa.eu/dgs/clima/mission/index_en.htm)
- ▶ **An Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil — an t-athrú aeráide:** <http://www.eea.europa.eu/themes/climate>
- ▶ **Suíomh gréasáin Phrótacal Kyoto:** [http://unfccc.int/kyoto\\_protocol/items/2830.php](http://unfccc.int/kyoto_protocol/items/2830.php)
- ▶ **Suíomh gréasáin an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide:** <http://www.ipcc.ch>
- ▶ **Ceisteanna faoin Aontas Eorpach? Europe Direct — seirbhís eolais an AE:** 00 800 6 7 8 9 10 11  
<http://europedirect.europa.eu>

